



An Bhruiséil, 8 Márta 2022
(OR. fr)

6668/22

Comhaid Idirinstitiúideacha:

2021/0211(COD)
2021/0201(COD)
2021/0200(COD)
2021/0197(COD)
2021/0206(COD)
2021/0207(COD)
2021/0202(COD)

ENV 161
CLIMA 81
ENER 81
TRANS 129
AGRI 77
COMPET 139
ECOFIN 198
CODEC 248

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/Comhairle
Ábhar:	- An Pacáiste 'Oiriúnach do 55' a) Athbhreithniú ar Threoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil chun uailmhian na sprice aeráide nua do 2030 agus na dtograí gaolmhara (CTA) a chur chun feidhme b) Athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2018/842 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 (ESR) c) Athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2018/841 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (LULUCF) d) Athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2019/631 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO₂ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua e) Rialachán lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta – Díospóireacht bheartais

1. D'fhoill treoir a thabhairt don díospóireacht thuas, a bheidh ar siúl ag an gcéad chruinniú eile a bheidh ag an gComhairle (Comhshaol) an 17 Márta 2022, d'ullmhaigh an Uachtaránacht nóta ina bhfuil dhá cheist, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

2. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an nóta agus na ceisteanna ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle le haghaidh na díospóireachta beartais thuasluaite.

- An Pacáiste ‘Oiriúnach do 55’

- Nóta ón Uachtaránacht -

COMHTHÉACS

An 14 Iúil 2021, d’fhoilsigh an Coimisiún an chéad chuid den phacáiste ‘Oiriúnach do 55’, agus chuir sé an dara cuid leis an 14 Nollaig 2022, ina raibh trí chomhad i réimse an fhuinnimh.

Scrúdaigh an Chomhairle Comhshaoil, an Chomhairle Iompair agus an Chomhairle Fuinnimh tograí an phacáiste a thagann faoina réimsí inniúlachta ag na cruinnithe a bhí acu i mí na Nollag.

D’ullmhaigh Uachtaránacht na Slóivéine tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an bpacáiste iomlán ‘Oiriúnach do 55’ an 22 Samhain 2021 (13977/21), ina ndírítear ar ghnéithe cothrománacha an phacáiste agus ina leagtar béim ar na príomh-shaincheisteanna a tarraingíodh anuas an tráth sin le linn an phlé. Sa tuarascáil sin, thug Uachtaránacht na Slóivéine dá haire go raibh an obair a rinneadh ar fhormhór na sainchomhad fós ag réamhchéim, go háirithe mar gheall ar mhéid agus ar chastacht na dtograí agus ar a dtábhacht pholaitiúil. I bhfianaise éagsúlacht na dtograí, ní dhearnadh dul chun cinn ar an luas céanna maidir leis na comhaid go léir. Dealraíonn sé go bhfuil an dul chun cinn is mó déanta ar chuid de na tograí iompair agus fuinnimh faoi chuimsiú na chéad coda den phacáiste, i ndáil leis na comhaid atá faoi shainchúram na Comhairle Comhshaoil agus Chomhairle ECOFIN.

NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Chuir an Uachtaránacht in iúl go raibh rún aici leanúint den obair theicniúil sna meithleacha go dtí deireadh na chéad ráithe, leaganacha athbhreithnithe de gach téacs a mholadh, a luaithe is féidir, an oiread ceisteanna teicniúla agus is féidir a réiteach ar leibhéal na meithleacha, agus réitigh a d’fhéadfadh a bheith ann ar na pointí ar de chineál níos polaitiúla iad a shainaithint.

Sa chomhthéacs sin, is é cuspóir an nóta seo na pointí a shainaithint, i gcás na gcúig théacs a thagann faoi shainchúram na Comhairle Comhshaoil, a bhfuil dul chun cinn déanta san obair theicniúil ina leith sna meithleacha, chun gur féidir comhréitigh a shainaithint go tapa; na pointí a bhfuil obair fós ar siúl ina leith ach ar cosúil gurb inmhianaithe leanúint de na malartuithe teicniúla laistigh de na meithleacha chun dul i dtreo comhréiteach; agus na pointí ar de chineál níos polaitiúla iad a bhféadfadh gá le comhbhabhtálacha a bheith ann ina leith.

1. An Treoir maidir le CTA (córas trádála astaíochtaí an Aontais - CTA)

Lean an Uachtaránacht de scrúdú a dhéanamh ar an athbhreithniú ar Threoir CTA agus ar na téacsanna gaolmhara (Cinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta Margaidh, Rialachán MRV Muirí). Leis an obair sin, bhíothas in ann dul chun cinn a bhaint amach maidir le roinnt ceisteanna, ar ceisteanna de chineál teicniúil iad den chuid is mó, agus pléití a ullmhú maidir le hábhair áirithe de chineál níos polaitiúla.

I ndáil le CTA a chur i bhfeidhm maidir le suiteálacha seasta, thug an Uachtaránacht dá haire go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le gnéithe teicniúla áirithe den togra ón gCoimisiún. Dá bhrí sin, thacaigh na toscaireachtaí go forleathan le roinnt forálacha a bhaineann le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh (éifeachtaí tairisí a cheartú, astaíochtaí ó iompar eitlíochta agus muirí a chuimsiú) agus gnéithe neamhairgeadais a bhaineann leis na Cistí Nuachóiriúcháin agus Nuálaíochta (liosta na n-infheistíochtaí tosaíochta a dtacaítear leo tríd an gCiste Nuachóiriúcháin, méadú ar chéatadán an Chiste Nuachóiriúcháin a dhírítear ar na hinfeistíochtaí tosaíochta sin).

Thacaigh tromlach na dtoscaireachtaí le forálacha eile a bhaineann le leithdháileadh saor in aisce lamháltas, amhail méadú ar an uasráta laghdaithe bliantúil do thagarmharcanna, go háirithe le cuspóir atá ag tromlach na dtoscaireachtaí chun nach spreagfaí an fachtóir trasearnálach ceartúcháin. Chuir roinnt mhaith toscaireachtaí in iúl go bhféadfaidís tacú leis na tograí ón gCoimisiún maidir le suiteálacha faoi bhun 20 MW a choimeád in CTA, chomh maith le tairseach 95 % d'astaíochtaí bithmhaise chun iad sin a eisiamh ó CTA. Ar an gcaoi chéanna, ba dhíol sásaimh do roinnt mhaith toscaireachtaí na tograí ón Uachtaránacht chun trédhearcacht agus éifeachtacht rialachas na geistí nuachóiriúcháin agus nuálaíochta a threisiú. Mar sin féin, bhí roinnt toscaireachtaí fós in amhras faoi choinníollacht an leithdháilte saor in aisce. Caithfear tuilleadh plé theicniúil a dhéanamh maidir leis na forálacha sin.

Tá ábhair éagsúla de chineál níos polaitiúla nach mór a scrúdú a thuilleadh sainaitheanta freisin ag an Uachtaránacht, go háirithe maidir leis na paraiméadair a bhaineann leis an uasteorainn agus le cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh, an sásra idirghabhála i gcás méaduithe iomarcacha ar phraghsanna (ní cuid den togra ón gCoimisiún an pointe deiridh sin, ach bhí sé faoi réir tograí éagsúla i scríbhinn le haghaidh athbhreithnithe), an úsáid a bhaineann na Ballstáit as ioncaim ETS, lena n-áirítear tríd an gCiste don Nuálaíocht agus tríd an gCiste don Nuachóiriú, soláthar na gcistí sin agus conair na leithdháiltí saor in aisce a mhéid a bhaineann leis an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha.

Maidir leis an togra le haghaidh síneadh a chur le cur i bhfeidhm ETS le go gcumhdófar freisin an earnáil mhuirí, thug an Uachtaránacht dá haire go bhfuil tacaíocht ghinearálta ann don togra ón gCoimisiún. Thacaigh na toscaireachtaí leis an raon feidhme geografach a roghnaíodh don síneadh sin.

Bhíothas in ann freisin, a bhuí leis an bplé, an téacs a scrúdú a thuilleadh ar an leibhéal teicniúil, ó thaobh raon feidhme de, an t-achar a bheadh ceanglais iompair mhuirí á dtabhairt isteach diaidh ar ndiaidh, clásail tuairiscithe agus athbhreithnithe (lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an gceangal le bearta atá beartaithe ag IMO), agus cur chun feidhme riaracháin an bhirt, lena n-áirítear leasuithe ar Rialachán MRV maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar. Theastaigh ó thoscaireachtaí áirithe an sainmhíniú ar an eintiteas rialáilte a phlé. Chuir toscaireachtaí éagsúla i bhfios go láidir go gcaithfear a bheith níos réamhghníomhaí i dtaobh an riosca maidir le sceitheadh carbóin a chosc agus a theorannú. Ina theannta sin, chuir toscaireachtaí áirithe i bhfios go láidir nach mór tacú le dícharbónú na hearnála trí leas a bhaint as ioncaim ETS. Chuir toscaireachtaí faoi leith in iúl go raibh sé riachtanach i gcónaí anailís a dhéanamh ar an tionchar a bheadh aige ar na réigiúin oileánacha an earnáil mhuirí a chumhdach, go háirithe a mhéid a bhaineann le leibhéal na seirbhísí iompair a fhónann dóibh; mhol toscaireachtaí eile na dúshlán a bhaineann leis an loingseoireacht sa gheimhreadh a chur san áireamh.

Maidir le cuir i bhfeidhm ETS ar earnáil na heitlíochta agus maidir le cur i bhfeidhm na Scéime Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA), thug an Uachtaránacht dá haire go dtacaíonn na toscaireachtaí i gcoitinne leis an togra ón gCoimisiún, go háirithe an togra le haghaidh dealú ar leith a dhéanamh idir cur i bhfeidhm ETS maidir le heitiltí laistigh den Eoraip (agus maidir leis an Ríocht Aontaithe agus an Eilvéis) agus cur i bhfeidhm CORSIA maidir le heitiltí idirnáisiúnta anonn is anall chuig tríú tíortha, agus maidir leo sin amháin. Thacaigh go leor toscaireachtaí le conair díothaithe na leithdháiltí saor in aisce atá molta ag an gCoimisiún; mheas toscaireachtaí áirithe gur cheart dlús a chur le díothú na leithdháiltí saor in aisce agus d'iarr toscaireachtaí eile go ndéanfaí níos mó dul chun cinn. Chuir roinnt toscaireachtaí inné in iúl freisin maidir leis na dúshláin a bhaineann le nascacht agus iomaíochas na hearnála, atá bainteach leis an tionchar carnach atá ag an bpacáiste 'Oiriúnach do 55' ar earnáil na heitlíochta, agus d'aithin siad ag an am céanna go bhfuil dualgas ar an earnáil a cion a dhéanamh.

A mhéid a bhaineann leis an togra le haghaidh ETS nua a chruthú a bheadh infheidhme maidir le hearnáil an iompair de bhóthar agus maidir le hearnáil na bhfoirgneamh, a pléadh ar an leibhéal teicniúil i dtionól na Meithle an 7 Feabhra agus a pléadh ar leibhéal COREPER an 4 Márta, thug an Uachtaránacht dá haire go raibh difríochtaí suntasacha tuairimí ann maidir leis an togra ón gCoimisiún ag an gcéim seo den phlé agus thug sí dá haire go raibh gné láidir pholaitiúil ag baint leis na saincheistanna sóisialta, eacnamaíocha agus airgeadais lena mbaineann. Chuir roinnt toscaireachtaí i gcoinne an togra ón gCoimisiún nó chuir siad in iúl go raibh forchoimeádais acu ag an bpointe seo ar chúiseanna a bhaineann le hinghlacthacht shóisialta den chuid is mó, go háirithe a mhéid a bhaineann le teaghlaigh. D'aithin formhór na dtoscaireachtaí, áfach, gur fadhb é astaíochtaí in earnáil an iompair de bhóthar agus in earnáil na bhfoirgneamh a bheith ag dul i méid.

Cháin toscaireachtaí áirithe a ábhartha atá an sásra chun cuspóirí an phacáiste 'Oiriúnach do 55' a bhaint amach, mar ar mhol cuid acu gur cheart féachaint leis na caighdeáin agus na spriocanna dá bhforáiltear i dtéacsanna eile den phacáiste a neartú d'fhonn cuspóir an Aontais a bhaint amach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 2030. Bhí an chuma air gur mheas toscaireachtaí eile gurbh easpa acmhainní leordhóthanacha airgeadais chun tacú le teaghlaigh ba chúis leis an bhfadhb. Agus ar deireadh, mheas toscaireachtaí eile go raibh dáta an teachta i bhfeidhm ró-luath nó go raibh an cur chun feidhme ró-ghasta.

Ar an taobh eile, mheas roinnt toscaireachtaí gur den ríthábhacht é ETS nua a thabhairt isteach don dá earnáil sin, i dteannta na n-ionstraimí atá ann cheana, d'fhonn cuspóirí aeráide an Aontais agus a Bhallstát a bhaint amach. Chosain siad freisin tairbhe na hionstraime mar uirlis ginte ioncaim. Thacaigh roinnt toscaireachtaí freisin le ETS nua a leathnú go dtí gach breosla iontaise.

2. An Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill (ESR)

Lean Uachtaránacht na Fraince den athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill a scrúdú ar an leibhéal teicniúil. Thacaigh na toscaireachtaí go forleathan le sprioc nua an Aontais maidir le hastaíochtaí a laghdú sna hearnálacha ESR. Thug an Uachtaránacht dá haire freisin go dtacaíonn na toscaireachtaí go foriomlán le raon feidhme an Rialacháin a choinneáil gan athrú, chun na rialacha atá i bhfeidhm maidir le leithdháiltí bliantúla astaíochtaí a choimeád in 2021 agus in 2022, agus le méadú go 7 % ar rochtain Mhálta ar sholúbthacht ETS. Thacaigh na toscaireachtaí go forleathan leis an togra maidir le cúlchiste breise roghnach a chruthú, cé gur chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go raibh amhras orthu maidir leis an mbreisluach a bhaineann leis.

Shainaithin an Uachtaránacht roinnt ábhar ar cheart leanúint leis an bplé teicniúil ina leith d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh i dtreo téacs comhréitigh. Chuir roinnt toscaireachtaí i bhfios go láidir gur gá cóineasú a léiriú ar bhealach níos fearr sa téacs d'fhonn aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. D'ardaigh roinnt toscaireachtaí tábhacht na hintuarthachta le haghaidh leithdháiltí bliantúla astaíochtaí, i ndáil leis an nuashonrú atá beartaithe ar chonair 2026-2030 in 2025 i bhfianaise éifeachtaí phaindéim COVID-19. A mhéid a bhaineann le solúbthachtaí, d'fhéadfaí bealaí éagsúla a fhiosrú agus a áirithiú san am céanna go gcaomhnaítear an chothromaíocht le sláine comhshaoil an togra. Mhol roinnt toscaireachtaí feabhas a chur ar thrédhearcacht aistriú na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí idir na Ballstáit. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl gur mian leo go bhféachfaí ar athruithe ar an tsolúbthacht atá ar fáil trí ETS, mar shampla trí na coinníollacha maidir le solúbthacht a úsáid a mhaolú agus d'athdhearbhaigh roinnt toscaireachtaí an gá atá le measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar ETS. Chuir na toscaireachtaí tuairimí éagsúla in iúl maidir leis an togra chun an tsolúbthacht ó LULUCF a roinnt ina dhá thréimhse, agus is cosúil, áfach, go bhfuil nasc tábhachtach idir sin agus comhlíonadh Dhlí na hEorpa maidir leis an Aeráid a mhéid a bhaineann leis an rannchuidiú uasta ó linnte.

Ina theannta sin, chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go raibh inní orthu faoin leibhéal uailmhéine a bhaineann leis an sprioc náisiúnta atá beartaithe acu, ach d'fhéadfadh toscaireachtaí eile glacadh leis an sprioc a mhol an Coimisiún.

3. Rialachán maidir le húsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (LULUCF)

Lean Uachtaránacht na Fraince de scrúdú a dhéanamh ar an athbhreithniú ar an rialachán maidir le húsáid talún, athrú ar úsáid talún, agus foraoiseacht. Leis an bplé a rinneadh, bhíothas in ann dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an scrúdú ar an téacs, gnéithe teicniúla áirithe den togra a shoiléiriú agus scrúdú a dhéanamh ar na roghanna comhréitigh tosaigh a mhol an Uachtaránacht. Thacaigh na toscaireachtaí go forleathan leis an sprioc 310 milliún tona CO₂ de ghhlanaistrithe a dhéanamh ar leibhéal an Aontais faoi 2030. Thug an Uachtaránacht dá haire freisin comhaontú foriomlán na dtoscaireachtaí maidir le roinnt forálacha a mhol an Coimisiún, go háirithe maidir leis an raon feidhme go dtí 2030, na gealltanais do 2021-2025, úsáid ioncaim ó chreidmheasa LULUCF agus an nasc idir aistrithe LULUCF agus tionscadail shonracha mhaolúcháin, cúiteamh breise faoi Airteagal 13a nó coigeartuithe teicniúla eile. Ina theannta sin, chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún soiléirithe ar fáil maidir le hoibriú an cheartaithe theicniúil, rud a cheadaigh dul chun cinn a dhéanamh i dtreo comhthuiscint ar an sásra sin.

Shainaithin an Uachtaránacht roinnt ábhar ar cheart leanúint leis an bplé teicniúil ina leith agus ar cheart ullmhú an chéad leagan athbhreithnithe páirteach den togra a bheidh de thoradh air. Mhol an Uachtaránacht pacáiste tograí comhréitigh lena ndírítear ar cothromaíocht a bhaint amach idir acmhainneacht bhreise, ar thaobh amháin, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na hábhair inní faoi leibhéal uaillmhéine na gcuspóirí, éagsúlacht idirbhliantúil na hearnála LULUCF, agus aird a thabhairt go háirithe ar shuaitheadh nádúrtha agus ar shláine comhshaoil an Rialacháin LULUCF ar an taobh eile. Maidir le conair líneach agus rialachas na gcuspóirí, ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí na chéad roghanna a mhol an Uachtaránacht chun éagsúlacht idirbhliantúil na n-earnálacha a chumhdaítear leis an Rialachán a chur san áireamh ar bhealach níos fearr. Chuir roinnt toscaireachtaí i bhfios go láidir gur gá machnamh a dhéanamh ar na solúbthachtaí i gcreat foriomlán, lena n-áirítear na naisc leis an togra ESR a chur san áireamh. Mhol roinnt toscaireachtaí go scriosfaí an beart a leagtar amach in Airteagal 13c maidir le rialachas na spriocanna. Chuir na toscaireachtaí tuairimí éagsúla in iúl maidir le deireadh a chur leis an bhféidearthacht leithreasá LULUCF a bhancáil ón tréimhse 2021-2025 go dtí an tréimhse 2026-2030. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go bhféadfaidís tacú leis na tograí ón Uachtaránacht maidir le dáileadh nua a dhéanamh ar uasmhéid an tsásra solúbthachta dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VII, leis an maolú ar na coinníollacha chun an sásra solúbthachta a leagtar amach in Airteagal 13b a ghníomhachtú, agus le leathnú raon feidhme na bhforálacha maidir le suaitheadh nádúrtha ar na catagóirí talún uile. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl gur spéis leo go bhféadfaí cur i bhfeidhm na bhforálacha cuntasáíochta is infheidhme a choinneáil i gcás suaitheadh nádúrtha don tréimhse 2026-2030. Ba cheart leanúint den phlé maidir leis an mbealach is iomchuí chun tionchar an tsuaite nádúrtha a chur san áireamh. Dhearbhaigh Coreper an 4 Márta gur cheart aird theicniúil bhreise a thabhairt ar na roghanna lena dtugtar isteach níos mó solúbthachta sa Rialachán, agus a shláine comhshaoil á háirithiú ag an am céanna.

Le linn an phlé ar an leibhéal teicniúil, chuir roinnt toscaireachtaí in iúl freisin go raibh inní orthu faoi na spriocanna náisiúnta atá beartaithe do 2030, lena n-áirítear a leibhéal uaillmhéine, agus na critéir chun na spriocanna agus an chonair bhliantúil a ríomh. Chuir na toscaireachtaí tuairimí éagsúla in iúl maidir leis an gcreat atá beartaithe don tréimhse i ndiaidh 2030, agus mheas roinnt toscaireachtaí go raibh sé róluath forálacha a thabhairt isteach don tréimhse sin, cé go raibh roinnt toscaireachtaí eile i bhfabhar. D'fhéadfaí leanúint den phlé ar na saincheistanna sin tráth is faide anonn.

4. Rialachán maidir le caighdeán CO2 le haghaidh gluaisteán agus veaineanna

Lean Uachtaránacht na Fraince den athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Caighdeán CO2 a scrúdú le linn an chéad cheathrú. Dealraíonn sé gur de chineál polaitiúil iad formhór na saincheistanna atá fós gan réiteach.

Sa chomhthéacs sin, bhí an plé bunaithe ar thrí phríomhthéama: spriocanna chun astaíochtaí CO2 a laghdú i gcás gluaisteán agus veaineanna; an maolú a bhaint i gcás monaróirí a dhéanann líon íseal clárúchán agus an scéim dreasachta maidir le feithiclí íseal-astaíochtaí agus astaíochtaí nialasacha a bhaint; ábhar agus amchlár na dtuarascálacha ar dhul chun cinn agus na dtuarascálacha meastóireachta dá bhforáiltear sa Rialachán atá beartaithe.

Maidir leis na spriocanna, chuir roinnt toscaireachtaí in iúl gur thacaigh siad leis an togra ón gCoimisiún maidir le gluaisteán agus veaineanna araon, in 2025, 2030 agus 2035.

Chosain roinnt toscaireachtaí cuspóirí áirithe a mhéadú agus/nó a sceidealú nó fiú spriocanna idirmheánacha a thabhairt isteach; ar an taobh eile, d'iarr roinnt toscaireachtaí go mbeadh níos mó dul chun cinn ann nó go gcuirfí siar, fiú, an cinneadh maidir leis an sprioc astaíochtaí a laghdú 100 % tar éis 2035, i gcás gach feithicle éadroime nó i gcás veaineanna amháin.

Maidir leis an scéim dreasachta d'fheithiclí íseal-astaíochtaí agus astaíochtaí nialasacha, thacaigh roinnt toscaireachtaí leis an togra ón gCoimisiún maidir le baint na scéime sin in 2030; theastaigh ó roinnt toscaireachtaí an scéim a choimeád tar éis 2030 trína déanamh níos dírithe, theastaigh ó roinnt toscaireachtaí í a choimeád gan athrú; ar an taobh eile, bhí toscaireachtaí ann a bhí i bhfabhar í a bhaint tráth is luaithe. Maidir le deireadh a chur in 2030 leis an maolú do mhonaróirí nach ndéanann ach líon beag clárúchán, d'fhéadfadh roinnt toscaireachtaí tacú leis an togra ón gCoimisiún; theastaigh ó roinnt toscaireachtaí go gcoinneofaí an maolú atá i bhfeidhm faoi láthair; bhí toscaireachtaí eile, ar an taobh eile, ag iarraidh a baint a sceidealú tráth is luaithe

Maidir leis na socruithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán, chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go dtacaíonn siad leis an togra ón gCoimisiún chun é sin a dhéanamh in 2028; B'fhearr le roinnt toscaireachtaí an t-athbhreithniú ar an Rialachán a dhéanamh roimh 2028. Ba mhian le roinnt toscaireachtaí freisin tuilleadh a chur le hábhar na dtuarascálacha ar dhul chun cinn dá bhforáiltear sa Rialachán.

5. Rialachán lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta

Tá tús curtha ag Uachtaránacht na Fraince leis an scrúdú, airteagal ar airteagal, ar an téacs i Rialachán an Chiste Aeráide Shóisialta. Le linn an phlé tosaigh ar an leibhéal teicniúil, chuir roinnt Ballstát in iúl go raibh siad i bhfabhar smaoineamh agus prionsabal an chiste tríd is tríd; chuir roinnt eile in iúl go raibh amhras orthu faoin dearadh atá beartaithe; bhí roinnt eile a raibh inní orthu maidir le ciste nua a chruthú; bhí dearcadh diúltach ag roinnt eile ar an togra seo toisc iad a bheith i gcoinne ETS a chruthú le haghaidh na hearnálacha iompar de bhóthar agus foirgneamh, nó toisc go raibh córas cánach carbóin den chineál céanna acu cheana féin.

Thug an Uachtaránacht dá haire go bhfuil na toscaireachtaí ag teacht le chéile maidir le roinnt forálacha: ábhar na bpleananna aeráide sóisialta a theorannú leis an méid is gá chun ualach riaracháin iomarcach a sheachaint; a shonrú gur féidir leis an gCiste tacú le socruithe atá ann cheana agus le socruithe nua sna Ballstáit; tagairt do mhodheolaíocht ón gCoimisiún a thabhairt isteach chun cuidiú leis na Ballstáit na tionchair a bheadh ag ETS a thomhas.

D'aithin an Uachtaránacht roinnt ábhar ar cheart leanúint leo sa phlé teicniúil d'fhonn leagan comhréitigh a bhaint amach: an fhéidearthacht go ndéanadh na Ballstáit caiteachas ar chúnamh teicniúil atá nasctha le bainistiú agus rialú ETS a mhaoiniú, caiteachas a ndéanfaí plé ar a mhéid san fhóram buiséadach; an próiseas chun pleananna a bhailíochtú; a bhfuil le bheith sna pleananna; cothromú an ualaigh tuairiscithe.

Ina theannta sin, shainaithin an Uachtaránacht roinnt ábhar ar de chineál níos polaitiúla iad agus nach mór tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh orthu, go háirithe maidir leis an gcaoi a mbainisteofar an ciste, maidir le raon feidhme an chiste agus maidir leis an bhféidearthacht tacaíocht ioncaim dhírigh a bheith ann dó (tá impleachtaí buiséadacha ag an dá cheann dheireanacha sin).

CEISTEANNA DON PHLÉ

- 1. Cé chomh héifeachtach, i do bharúil, a bheadh córas lamháltas astaíochtaí á chur i bhfeidhm ar earnáil an iompair de bhóthar agus ar earnáil na bhfoirgneamh mar uirlis chun astaíochtaí a laghdú agus an sprioc -55 % a bhaint amach in 2030? Cad iad na roghanna agus na príomhpharaiméadair (amchlár, imlíne, etc.) a mheasfá a bheith níos ábhartha, más ann dóibh, chun feabhas a chur ar inghlacthacht na scéime sin agus a héifeachtacht a chinntiú ag an am céanna? I gcás ina gcuirfí forchoimeádais láidre in iúl, cad iad na roghanna nithiúla eile a mheasfá gurbh fhiú iad a thabhairt isteach ar an leibhéal Eorpach chun a chinntiú go rannchuideodh na hearnálacha sin go leordhóthanach le spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach?*
- 2. Dá gcuirfí ar bun córas lamháltas astaíochtaí á chur i bhfeidhm ar earnáil an iompair de bhóthar agus ar earnáil na bhfoirgneamh, cad iad na paraiméadair sa Chiste Aeráide Sóisialta ba cheart a choimeád, ionas go mbeidh sé in ann tacaíocht éifeachtach a thabhairt do na grúpaí is leochailí?*